European Commission

# Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh

*Rialacha Nós Imeachta*

Health

# EU Health Policy Platform

## RULES OF PROCEDURE

Is é is cuspóir don doiciméad seo míniú a thabhairt ar mhodhanna oibre Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh agus ar na téarmaí agus na coinníollacha a ghabhann leis. Forchoimeádann an Coimisiún Eorpach an ceart na Rialacha Nós Imeachta seo a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá agus gan fógra a thabhairt roimh ré.

# Clár Ábhar

1. Working Methods 1
1.1 Working methods: Objectives and Structure 3
1.2 Working Methods: Platform 5
1.3 Working Methods: EU Health Policy Platform Meetings 21
2. Terms and Conditions 24
2.1 Basic Terms 24
2.2 Guiding Principles with Regards to Transparency 39
2.3 Evaluation and Organisational Support 42

*"Tá Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh ceaptha chun comhroinnt smaointe agus dea-chleachtas a mhéadú idir páirtithe leasmhara sláinte poiblí san Aontas Eorpach"*

# 1. Modhanna oibre

Tháinig deireadh le sainordú Fhóram Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh i mí na Nollag 2013[1]. Idir an dá linn, ghlac an Coimisiún cur chuige nua maidir le comhairliúcháin chórasacha phoiblí ar mhórscála (lena n-áirítear páirtithe leasmhara sláinte) do gach tionscnamh beartais nó rialála de chuid an Choimisiúin. Dá bhrí sin, thug an Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia (SANTE) coincheap an Fhóraim cothrom le dáta chun tosaíochtaí an Choimisiúin a léiriú níos fearr le linn an idirphlé le páirtithe leasmhara.

Ceapadh struchtúr nua Fhóram Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh chun é a dhéanamh níos éasca do pháirtithe leasmhara sláinte poiblí san Aontas Eorpach smaointe agus dea-chleachtais a chomhroinnt.

[1] Tagann forbairt ar Fhóram Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh ó ghrúpa comhairleach go bealach cumarsáide iltaobhach idir an Coimisiún Eorpach agus a pháirtithe leasmhara sláinte, trí ardán idirghníomhach comhoibríoch a chruthú. Níl sé dírithe a thuilleadh ar chomhairliúchán, ó tharla gur chuir an Coimisiún Eorpach i bhfeidhm nós imeachta oifigiúil lena ndéantar comhairliúcháin mhóra le páirtithe leasmhara éigeantach. Ina ionad sin, díríonn Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh ar spás a chruthú le haghaidh idirphlé buan maidir le saincheisteanna sláinte i measc na bpáirtithe leasmhara sláinte féideartha uile agus leis an gCoimisiún Eorpach. Leis an gcuspóir nua sin agus ó tharla nach bhfuil ballraíocht sheasta i gceist a thuilleadh, cuirtear deireadh leis an ngrúpa ina cháil mar shainghrúpa agus cailleann sé an ghné chomhairleach a bhaineann leis, agus dá bhrí sin, scriostar é ó Chlár na nGrúpaí Saineolaithe sa Choimisiún Eorpach.

Dá bhrí sin, d'fhorbair Fóram Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh ó chomhlacht comhairleach go bealach cumarsáide idir an Coimisiún agus páirtithe leasmhara sláinte: Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear an tArdán freisin anseo feasta).

## 1.1 Modhanna oibre: Cuspóirí agus Struchtúr

### Cuspóirí

Tá sé mar aidhm ag Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Creat a chur ar fáil le haghaidh idirphlé i measc páirtithe leasmhara sláinte agus leis an gCoimisiún;
- Pléití spriocdhírithe a éascú;
- Trédhearcacht a chinntiú san idirphlé maidir le beartas sláinte;
- Rannchuidiú le heolas agus saineolas a fhorbairt maidir le saincheisteanna sláinte poiblí;
- Tacú le scaipeadh faisnéise faoi thionscadail de chuid an Choimisiúin (e.g. tionscadail chomhchistithe an Chláir Sláinte, lena n-áirítear Gníomhaíochtaí Comhpháirteacha);
- Macasamhlú dea-chleachtas a bhaineann le beartas sláinte a shainaithint, a chomhroinnt agus a spreagadh;
- Taighde a bhailiú agus a scaipeadh agus cuidiú chun go mbeidh rochtain éasca ag páirtithe leasmhara ar thorthaí;
- Eolas a chur ar fáil maidir le réimsí beartais eile a bhaineann leis an tsláinte de réir an chur chuige ‘Sláinte sna Beartais uile’.

## Struchtúr

Oibríonn Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh trí na trí ais seo a leanas:

- **Ardán Gréasáin** – feidhmíonn an t-ardán mar fhóram le haghaidh plé agus comhoibriú ar líne i measc páirtithe leasmhara sláinte agus cuireann sé spás ar fáil do gach úsáideoir cláraithe chun a gcuid nuachta agus imeachtaí a phostáil
- Ráitis Chomhpháirteacha – páipéir seasaimh a dhréachtaigh páirtithe leasmhara sláinte maidir le saincheisteanna sláinte a roghnaíodh tar éis glao tiomnaithe ar thograí.
- **Cruinnithe duine le duine agus seimineáir ghréasáin bheo** – áirítear ar na himeachtaí sin Cruinniú bliantúil Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh, seimineáir ghréasáin na Líonraí Téamacha, cruinnithe eile agus imeachtaí hibrideacha ar bhonn ad hoc.

Seoladh **Gradam Sláinte an Aontais Eorpaigh** den chéad uair in 2015 agus bhí sé mar chuid de ghníomhaíochtaí Ardán Sláinte an Aontais Eorpaigh agus ar cheann de na príomhcholúin atá aige go dtí 2021, tráth ar seoladh an t-eagrán deireanach a bhí dírithe ar Ailse a Chosc agus Meabhairshláinte. Reáchtáladh an Searmanas Bronnta deiridh in 2022. Tuarascálacha achoimre ina liostaítear na buaiteoirí agus na tionscnaimh ar an ngearrliosta do gach eagrán den Ghradam, chomh maith le cur síos ar a dtionscadail go léir, tá siad le fáil ar shuíomh gréasáin Ghradam Sláinte an Aontais Eorpaigh. Tá tionchar dearfach fós ag go leor de na tionscadail sin ar an tsláinte phoiblí, agus is féidir leo go léir dea-chleachtais agus cineálacha cur chuige nuálacha eile a spreagadh.

## 1.2 Modhanna oibre: An tArdán

### Baill an Ardáin (úsáideoirí)

Is uirlis chomhoibríoch ar líne é Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh chun é a dhéanamh níos éasca do pháirtithe leasmhara sláinte cumarsáid a dhéanamh eatarthu féin agus leis an gCoimisiún. Is é an Béarla an teanga oibre, dá bhrí sin, tá sé éigeantach go ndéantar míreanna nuachta, doiciméid agus imeachtaí a fhoilsítear i líonra Agora a tháirgeadh i mBéarla. Ní fhéadfar foilseacháin i dteangacha eile a chur san áireamh ach amháin laistigh de na líonraí srianta (líonraí páirtithe leasmhara agus líonraí an Choimisiúin agus na mBallstát) ar bhonn ad hoc. Ba cheart an cleachtas seo a iarraidh go foirmiúil trí ríomhphost a sheoladh chuig SANTE-HPP@ec.europa.eu.

Is daoine éagsúla iad baill Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh agus déanann siad ionadaíocht ar réimse leathan earnálacha agus leasanna. Féach roinn 6 sa liosta critéar thíos le haghaidh na gcineálacha úsáideoirí a nglactar leo.

**Chun dul isteach in Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh, ní mór do pháirtithe leasmhara sláinte (daoine aonair a dhéanann ionadaíocht ar na heagraíochtaí sin) na critéir seo a leanas a chomhlíonadh.**

1. Ionadaíocht a dhéanamh ar eintiteas le ríomhphost oibríoch agus aonair agus a ainm agus a shloinne a chur ar fáil ar an bhfoirm chlárúcháin – ní ghlacfar le boscaí ríomhphoist feidhmiúla ná le hainmneacha eagraíochtaí ar an Ardán. Bí cinnte go n-úsáideann tú d’ainm féin, seachas ainm nó acrainm na heagraíochta a bhfuil tú

páirteach inti, mar ‘ainm úsáideora’ agus EU login á chruthú agat agus nuair a chláraíonn tú ar an Ardán um Beartas Sláinte.

Eintitis nach bhfuil seoladh ríomhphoist aonair acu ainm.sloinne@organisation.com, ní mór dóibh é seo a thabhairt le fios nuair a líonann siad isteach an réimse ‘Maidir le m’eagraíocht’ den fhoirm chlárúcháin.

Ní féidir rochtain a thabhairt ar an HPP ach ar bhonn aonair, agus ar chúiseanna slándála, ní mór aitheantas an úsáideora aonair taobh thiar den seoladh ríomhphoist a bheith ar eolas againn. Tá an duine aitheanta sin freagrach go hiomlán as an Ardán a úsáid.

2. Bheith ina eintiteas Eorpach, náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil, atá cláraithe i mBallstát den Aontas, tír LEE, nó bheith ina eintiteas náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil atá cláraithe i dtír atá comhlachaithe le cláir EU4Health (cuir i gcás tír is iarrthóir ar bhallraíocht san Aontas) Mura n-aimsíonn an t-úsáideoir a dtír féin ar an liosta ar clárú dóibh, iarrtar air teagmháil a dhéanamh le SANTE-HPP@ec.europa.eu.

3. Féadfaidh sé a bheith ina eintiteas ó thír eile nach sainaithnítear i bpointe 2 sna cásanna seo a leanas:
    a) tá sé páirteach i ngníomhaíocht a fhaigheann maoiniú faoi chlár EU4Health ar an gcoinníoll a shonraítear in Airteagal 13(2) de Rialachán EU4Health. Cuirfear deireadh leis an mballraíocht a luaithe a chuirfear i gcrích an ghníomhaíocht a maoiníodh faoi EU4Health; nó

b) oibríonn sé ar an leibhéal idirnáisiúnta i réimse na sláinte (i.e. Eagraíochtaí Idirnáisiúnta, cuir i gcás EDS nó NA) (Airteagal 13(1)(b) de Rialachán EU4Health); nó

c) is eagraíocht neamhrialtasach othar nó eagraíocht ghairmiúil í, atá ag obair i réimse na sláinte, agus atá cláraithe i dtír eile nach sainaithnítear i bpointe 2 agus a bhfuil comheintitis aici atá lonnaithe i dtíortha incháilithe (i.e. AE/LEE).

Déanfar iarrataí faoi phointe 3 a mheas ar bhonn ad hoc agus faoi dhiscréid an Choimisiúin.

4. Ní mór dóibh a bheith cláraithe i gClár Trédhearcachta an Aontais agus ní mór dóibh ionadaíocht dhíreach agus eisiach a dhéanamh ar a leasanna féin. Tá na heintitis seo a leanas díolmhaithe ó chlárú: Baill foirne na nInstitiúidí Eorpacha[2], ionadaithe ó na Ballstáit agus Aireachtaí, chomh maith le heagraíochtaí poiblí, cuir i gcás ollscoileanna, scoileanna, ospidéil agus institiúidí taighde agus acadúla. Chun míniú níos mionsonraithe a fháil, féach an Comhaontú Idirinstitiúideach maidir le Clár Trédhearcachta sainordaitheach.

5. D'fhéadfaidís a bheith ina ngnólachtaí comhairliúcháin agus ina ngnólachtaí dlí a dhéanann ionadaíocht ar eagraíocht a chomhlíonann na critéir seo uile. Ní mór d'úsáideoirí atá ag obair do ghnólacht comhairliúcháin nó do ghnólacht dlí an rún atá acu i dtaca

[2] Tá liosta oifigiúil na nInstitiúidí Eorpacha le fáil anseo: https://european-union.europa.eu/institutions-law-budget/institutions-and-bodies/types-institutions-and-bodies_fr

leis an Ardán a úsáid sa réimse 'misean d'eagraíochta' atá le fáil ina bhfoirm phróifíle.

6. Ní mór dóibh a bheith ar cheann de na heintitis seo a leanas:
    - Eagraíochtaí neamhrialtasacha sláinte phoiblí agus othar agus fondúireachtaí sláinte
    - Eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar ghairmithe sláinte
    - Seirbhísí sláinte agus soláthraithe árachais sláinte
    - Eagraíochtaí rialtais sláinte poiblí
    - Institiúidí Eorpacha[3]
    - Scoileanna luathoideachais, bunscoileanna agus meánscoileanna
    - Ollscoileanna agus Institiúidí Taighde Phoiblí
    - Eagraíochtaí idirnáisiúnta aitheanta atá ag obair i réimse na sláinte
    - Eagraíochtaí gnó nó comhlachais ghnó a bhfuil tiomantas soiléir acu an tsláinte a chur chun cinn, a chosaint agus a fheabhsú, agus a aontaíonn i scríbhinn gan an tArdán a úsáid chun críocha tráchtála

D'fhonn Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh a dhéanamh níos cuimsithí, úsáideoirí a chuireann ríomhphost ar fáil ó sholáthraí ríomhphoist saor in aisce (i.e. hotmail, gmail, yahoo), nó iad siúd nach bhfuil in ann uimhir

[3] Tá liosta oifigiúil na nInstitiúidí Eorpacha le fáil anseo: https://european-union.europa.eu/institutions-law-budget/institutions-and-bodies/types-institutions-and-bodies_fr

an Chláir Trédhearcachta a sholáthar, glacfar leo isteach inár bpobal ar bhonn ad hoc, má tá siad cleamhnaithe le ceann de na heagraíochtaí laistigh den Ardán, nó má mholann eagraíocht laistigh den Ardán iad. Ní mór d'úsáideoirí é sin a shoiléiriú sa réimse 'Eolas fúm' ar an bhfoirm chlárúcháin

Barúlacha, postálacha agus íomhánna ar Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh arna nginiúint ag na húsáideoirí, níor cheart dóibh an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Faisnéis bhréagach agus/nó faisnéis chlúmhillteach a scaipeadh;
- Cóipchearta a shárú;
- Ábhar atá idirdhealaitheach, maslach, graosta, ionrach ar phríobháideachas duine nó a sháraíonn dlí an Aontais nó dlí Ballstáit ar bhealach eile;
- Ábhar a phostáil ina bhfuil faisnéis phríobháideach agus/nó phearsanta;
- Seirbhísí agus táirgí tráchtála, nó cúiseanna tráchtála, a chur chun cinn;
- Gníomhaíochtaí sláinte a chur chun cinn nach bhfuil bunaithe ar fhianaise eolaíoch ná ar chleachtais a nglactar leo go coitianta.

Ábhar ó úsáideoirí, amhail barúlacha nó postálacha, léiríonn tuairimí na ndaoine a chuireann an t-ábhar ar fáil, agus ní gá go léiríonn siad tuairimí ná beartais an Choimisiúin Eorpaigh.

Tabhair do d'aire go bhforchoimeádann an Coimisiún Eorpach an ceart páirtithe leasmhara a eisiamh ó aon Líonra nó ó Ardán Bheartas Sláinte an

Aontais Eorpaigh mura gcloíonn siad leis na Rialacha Nós Imeachta seo. Déanfar an méid sin tar éis dul i gcomhairle leis an Aonad beartais lena mbaineann.

## Clárú

Chun clárú ar Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh, ní mór d'úsáideoirí cuntas a chruthú i gCóras Fíordheimhniúcháin an Choimisiúin Eorpaigh (EU Login). Chun an cuntas sin a chruthú, cliceáil anseo. Bain úsáid as ainm, sloinne agus seoladh ríomhphoist aonair.

Chun trédhearcacht a chinntiú, cruthaítear ainmneacha úsáideoirí go huathoibríoch ar Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear ainm an úsáideora agus ainm na heagraíochta a n-oibríonn an t-úsáideoir di. Féadfaidh níos mó ná duine amháin ó eagraíocht ar leith páirt a ghlacadh san Ardán. Cuireann sé seo ar chumas na heagraíochta a bheith ina ball de líonraí éagsúla le hionadaithe éagsúla.

Tar éis iarraidh a fháil ar rochtain, fíoraíonn foireann Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh gur chomhlíon an t-iarratasóir na critéir thuasluaite agus túgann nó ní thugann siad rochaint dóibh ar líonra coiteann Agora ar líne. Déantar iarrataí a phróiseáil ar laethanta oibre ó 10.00 go 16.00 (10 a.m. go 4 p.m.) Am Lár na hEorpa, am na Bruiséile. Déanann an fhoireann iarracht gach iarratas a phróiseáil laistigh de 12 lá oibre. Ní próiseas uathoibríoch é iarrataí ar rochtain a bhailíochtú agus a dhiúltú ach tá sé faoi réir seiceálacha aonair arna ndéanamh ag modhnóirí an Ardáin.

Má thugtar rochtain dó, beidh an t-úsáideoir in ann rochtain a fháil ar líonra coiteann Agora ar líne, ar na Líonraí Téamacha atá oscailte faoi láthair agus ar

na líonraí Malartaithe. Ag an gcéim sin, féadfaidh úsáideoirí rochtain a iarraidh ar líonraí srianta, amhail na líonraí sin atá faoi stiúir an Choimisiúin, na mBallstát agus na nPáirtithe Leasmhara. Glacfaidh ionadaithe an Choimisiúin nó páirtithe leasmhara sláinte a cheaptar ról mhodhnóirí na líonraí sin agus déanfaidh siad iarrataí ar rochtain a dheonú nó a dhiúltú de réir a gcritéar féin.

### Struchtúr

Is éard atá san Ardán leathanach baile poiblí agus trí roinn, is iad sin:

1. An leathanach baile poiblí, ar a bhfuil faisnéis ghinearálta faoi Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh - is féidir leis an bpobal i gcoitinne rochtain a fháil ar eolas a chuirtear ar fáil i ngach teanga oifigiúil den Aontas.

2. Is limistéar plé coiteann é líonra Agora ar a bhfuil rochtain ag gach páirtí leasmhar a chomhlíonann na critéir bhunaithe agus a chláraíonn. Moltar do pháirtithe leasmhara nuacht, imeachtaí, naisc agus doiciméid a bhaineann lena ngníomhaíochtaí a fhoilsiú.

    - Cumarsáid thrasearnálach: faisnéis sláinte poiblí a bhaineann le tionscnaimh an Choimisiúin nó na bpáirtithe leasmhara is féidir a chomhroinnt leis an bpobal, déantar í a scaipeadh i líonra Agora agus in aon líonra srianta eile, i gcás inarb ábhartha.

- Comhairliúcháin oscailte a chur chun cinn: déanann an Coimisiún comhairliúcháin a chur chun cinn agus a fhoilsiú chun tuairimí na bpáirtithe leasmhara a iarraidh maidir le saincheisteanna sláinte sonracha agus spreagann sé iad chun cur leis an idirphlé beartais trí na bealaí oifigiúla le haghaidh comhairliúchán;

- Faisnéis a bhailiú le haghaidh tuarascálacha: Iarrann AS SANTE ar pháirtithe leasmhara a dtuairimí a chur in iúl agus faisnéis ábhartha eile a chomhroinnt bunaithe ar shonraí eimpíreacha, ar staidéir a rinneadh nó ar dhea-chleachtais;

- Saincheisteanna sláinte atá ag teacht chun cinn a aithint: Lorgaíonn AS SANTE tuairimí ó pháirtithe leasmhara maidir le saincheisteanna sláinte nó tosaíochtaí sláinte atá ag teacht chun cinn;

- Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara i gcomhdhálacha: trí líonra Agora, déanann na páirtithe leasmhara uile atá cláraithe faisnéis faoi imeachtaí agus comhdhálacha sláinte poiblí a chur chun. Déantar é sin ar mhaithe leis na páirtithe leasmhara eile;

- Eolas faoin tSláinte i ngach Beartas: cuireann líonra Agora deis ar fáil chun faisnéis a bhailiú faoi réimsí beartais eile a bhaineann le sláinte a d’fhéadfadh a bheith ina n-ábhar spéise do phobal na sláinte poiblí.

3. Líonraí Malartaithe: tá rochtain ag gach úsáideoir atá cláraithe san Ardán orthu sin agus tá siad ceaptha le húsáid chun dea-chleachtais a mhalartú, chun ábhar oiliúna a chomhroinnt, agus chun úsáideoirí a spreagadh le hidirghníomhú lena chéile.

4. Is líonraí sealadacha iad na Líonraí Téamacha a bhfuil rochtain ag baill uile an Ardáin orthu agus a chuirtear ar bun ar feadh tréimhse theoranta chun dréachtú Ráiteas Comhpháirteach maidir le saincheisteanna sláinte roghnaithe a éascú.

**4.1. Feidhmiú na Líonraí Téamacha:**

- Líonra Téamach a chuireann an Ráiteas Comhpháirteach ar fáil i dteannta a chéile thar thréimhse theoranta, ar Ráiteas é a fhreagraíonn do shaolré an líonra. Déantar cur síos ann ar na gníomhaíochtaí inbhuanaithe atá beartaithe ag baill a dhéanamh chun aidhmeanna an Líonra a bhaint amach. Tacaíonn eagraíochtaí páirtithe leasmhara sláinte leis chun comhroinnt agus cur chun feidhme dea-chleachtas agus sineirgí féideartha a chur chun cinn le gníomhaíochtaí eile a bhaineann le topaicí sláinte an Aontais atá fós ar siúl nó á gcomhlánú ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil. Ar an gcaoi sin, féadfaidh páirtithe leasmhara sláinte tacú leis an gCoimisiún i gcur chun feidhme bheartais sláinte an Aontais.

- Beidh an Ráiteas Comhpháirteach neamhspleách i gcónaí ar thuairimí an Choimisiúin agus níor cheart go mbeifí ag súil ná ag glacadh leis go ndéanfaidh an Coimisiún beart ná go dtabharfaidh sé maoiniú i leith gníomhaíochtaí sonracha. Ar ndóigh, ní chuirtear as an áireamh go bhféadfadh an Coimisiún tacaíocht bhreise a thabhairt do roinnt de na smaointe a chuirtear in iúl sa Ráiteas Comhpháirteach nó iad a chur chun cinn i bpáipéir bheartais agus i gcláir.

- Seoltar glao ar thograí ar bhonn bliantúil san Ardán agus cuirtear chun cinn é trí bhealaí cumarsáide uile an Choimisiúin (Twitter @EU_Health, suíomh gréasáin Sláinte Poiblí, suíomh gréasáin HaDEA). Gach bliain, cuireann an Coimisiún ar aghaidh sraith topaicí a bhfuil an-tábhacht ag baint leo do bheartas sláinte an Aontais. Féadfaidh aon bhall den Ardán a mholadh go mbunófar Líonra Téamach nua d’fhonn Ráiteas Comhpháirteach nua a dhréachtú maidir leis na príomhréimsí beartais.

- Ansin déanann an Coimisiún meastóireacht ar na tograí bunaithe ar a n-ábharthacht do na topaicí atá beartaithe agus do na tosaíochtaí sláinte atá ar chlár oibre an Aontais faoi láthair.

- Cruthaítear trí nó ceithre Líonra Théamacha shealadacha gach bliain.

- Meastar gurb í an eagraíocht a chuir isteach an togra a roghnaítear ‘ceannaire an líonra’.

- Is é is aidhm do cheannaire an líonra líonra láidir a chruthú agus Ráiteas Comhpháirteach a chur ar fáil maidir le saincheist sláinte ar leith le cabhair ó pháirtithe leasmhara eile, roimh an gcéad chruinniú bliantúil eile d’Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh.

- Eagróidh foireann tacaíochta an Ardáin sraith seimineár gréasáin chun barúlacha agus formhuinithe na Ráiteas Comhpháirteach a iarraidh. Ullmhóidh ceannairí an Líonra Théamaigh an t-ábhar, agus beidh foireann an Ardáin freagrach as an lóistíocht.

- Iarrfar ar cheannairí an líonra a Ráiteas Comhpháirteach críochnaitheach a chur i láthair ag Cruinniú Bliantúil Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh. Ba cheart tuairimí na ndaoine a chuireann leis an ráiteas a mhíniú sa chur i láthair sin.

- Féadfaidh ceannairí an Líonra Théamaigh formhuinithe a iarraidh ó eagraíochtaí roimh an gcruinniú bliantúil agus ina dhiaidh.

- A luaithe a bheidh cuspóir an Líonra Théamaigh shealadaigh bainte amach tríd an Ráiteas Comhpháirteach a chur i láthair ag Cruinniú Bliantúil Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh, déanfaidh na ceannairí a Ráiteas Comhpháirteach deiridh formhuinithe a phostáil ar an Ardán agus ar a líonraí, má iarrann na ceannairí faoi seach air, déanfar é a chlaochlú ina líonra páirtithe leasmhara nó ina líonra malartaithe.

- Tuairisceoidh AS SANTE ar na Ráitis Chomhpháirteacha ag gach seimineár gréasáin a eagraítear do cheannairí an Líonra Théamaigh, déanfaidh sé obair leantach ar na Ráitis sin a chur i dtoll a chéile agus, ar deireadh, tabharfaidh sé barúlacha (in éineacht le tráchtairí ó Ard-Stiúrthóireachtaí leasmhara eile de chuid an Choimisiúin) maidir lena chur i láthair ag Cruinniú Bliantúil an Ardáin.

- Chun timthriall na Líonraí Téamacha a thabhairt chun críche, tionóltar cruinniú comhchéime ag cruinniú bliantúil Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh chun na ceachtanna a foghlaimíodh sa phróiseas dréachtaithe a phlé nó tionóltar seimineár gréasáin beo ar leith ina

dhiaidh sin. Beidh ceannairí an Líonra Théamaigh agus ionadaithe an Choimisiúin páirteach agus pléifidh siad toradh an timthrialla.

- Ar deireadh, mí tar éis Chruinniú Bliantúil an Ardáin, déanfar Líonraí Malartaithe nó Líonraí Páirtithe Leasmhara de na Líonraí Téamacha agus leanfaidh leis an obair ar a gconlán féin.

5. **Líonraí faoi stiúir an Choimisiúin agus na mBallstát: tá siad inrochtana go ginearálta ag baill ceaptha, ach ní na daoine sin amháin.** Déanann baill foirne ceaptha de chuid an Choimisiúin an Bhallstáit atá freagrach faireachán ar na grúpaí sin agus cinntíonn siad an mhodhnóireacht a dhéantar orthu chomh maith le faisnéis phoiblí an ghrúpa a chomhroinnt leis an gcuid eile de bhaill an Ardáin i líonra Agora (féach ‘cumarsáid thrasearnálach’ thuas).

    - Líonraí atá faoi stiúir an Choimisiúin, cibé an grúpaí saineolaithe nó cineálacha eile grúpaí comhairliúcháin iad a d’fhéadfaí a chomhshamhlú le grúpaí saineolaithe, ní mór dóibh rialacha na hArdrúnaíochta do Ghrúpaí Saineolaithe a urramú agus ní mór dóibh a bheith cláraithe i gClár na nGrúpaí Saineolaithe. Léigh na rialacha go cúramach: https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/screen/expert-groups-explained?lang=en

    - Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara sláinte i ngrúpaí agus i líonraí arna mbunú agus arna mbainistiú ag an gCoimisiún, ní mór di a bheith faoi réir seiceáil chríochnúil ag na hAonaid agus na modhnóirí lena mbaineann. Ní mór do gach líonra saincheisteanna maidir le

trédhearcacht, coinbhleachtaí leasa, etc. a láimhseáil ar bhonn aonair.

- Chun na críche sin, ní mór oifigeach de chuid an Choimisiúin a ainmniú mar mhodhnóir líonra (féach an chéad leathanach eile faoi 'Modhnóir'). Is faoi na modhnóirí líonra atá sé comhlíonadh na rialacha ballraíochta a chinntiú, faireachán a dhéanamh ar a ngníomhaíochtaí líonraí agus na céimeanna iomchuí a ghlacadh chun Rialacha na hArdrúnaíochta a chur chun feidhme.

6. **Líonraí páirtithe leasmhara:** is líonraí srianta iad a chuirtear ar bun chun eolas agus faisnéis maidir le réimse sláinte ar leith a chomhroinnt. Cruthaítear iad mar fhreagairt dhíreach chuig SANTE-HPP@ec.europa.eu ó bhaill an Ardáin. Féadfaidh baill an ardáin a bhfuil spéis acu i líonra páirtithe leasmhara áirithe rochtain a iarraidh. Cinneann modhnóirí ceaptha na bpáirtithe leasmhara ar cheart rochtain a thabhairt nó a dhiúltú, rud a fhágann nach ráthaítear rochtain ar an gcineál sin líonra leis an iarraidh.

   - I gcásanna áirithe, cruthófar líonraí náisiúnta mar shatailít de líonra atá ann cheana in Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh má mheastar go bhfuil plé le fócas náisiúnta úsáideach nó riachtanach. Is féidir na Líonraí sin a reáchtáil in aon teanga oifigiúil de chuid an Aontais, arna iarraidh sin. Ba cheart do mhodhnóirí Líonraí náisiúnta a bheith in ann Béarla a labhairt chun idirghníomhú le modhnóirí eile. Ba chóir postálacha i Líonra Agora a bheith i gcónaí i mBéarla.

## An Modhnóir

Feidhmeoidh an Coimisiún Eorpach mar mhodhnóir ar an Ardán ar fad. Ina theannta sin, tá dhá mhodhnóir ar a laghad ag gach Líonra a thabharfaidh rochtain ar an líonra (iarratais a bhailíochtú nó a dhiúltú) agus a dhéanfaidh modhnóireacht ar ábhar sna Líonraí.

Tá trí chineál éagsúla modhnóirí ann, de réir an chineáil Líonra:

1. Modhnóirí ar Fhoireann an Ardáin: na baill foirne atá ag obair in Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin atá freagrach as tionscadal Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh. Déanann siad faireachán ar iarratais ar rochtain agus ar ábhar i Líonra Agora agus tacaíonn siad leis na líonraí uile san Ardán.
2. Modhnóirí ar Bhaill Foirne an Choimisiúin iad: tá saineolas acu i réimse fócais an líonra atá faoi stiúir an Choimisiúin nó an Bhallstáit a n-iarrtar orthu modhnóireacht a dhéanamh air.
3. Modhnóirí ar Pháirtithe Leasmhara iad: Is iad príomh-eagraíochtaí páirtithe leasmhara ceaptha a dhéanann modhnóireacht ar Líonraí Páirtithe Leasmhara, Líonraí Malartaithe agus Líonraí Téamacha.

Gach modhnóir, beidh siad ina mbaill de líonra agus ní bheith rochtain acu ach ar an líonra sin amháin.

Is catagóir eile (gan dearmad a dhéanamh orthu leis na modhnóirí) iad '**Ceannairí Líonra**': is baill den Ardán iad sin nach bhfuil cearta riaracháin teicniúla acu ach a dhéanann ionadaíocht ar an Líonra laistigh den Ardán agus a liostaítear i mbosca laistigh de gach líonra, os cionn liosta úsáideoirí gach líonra. Is minic a bhíonn modhnóirí ina gceannairí líonra freisin.

## Feidhmiúlachtaí

Tá na feidhmiúlachtaí seo a leanas ar fáil do bhaill an Ardáin:

- **Nuacht a phostáil: ailt, nuashonruithe nó tuairimí a phostáil ar shaincheisteanna sláinte in aon fhotha nuachta atá ag líonra, sin agus doiciméid, grianghraif nó naisc a chur le míreanna nuachta;**
- **Obair a dhéanamh go comhoibríoch: féadfar leaganacha nua de dhoiciméad a uaslódáil chuig leabharlann Agora nó chuig leabharlann aon líonra eile tráth ar bith le linn an phróisis dréachtaithe. Féadfaidh aon bhall den Ardán na leaganacha sin a uaslódáil;**
- **Tús a chur le plé: úsáid a bhaint as an réimse tráchta faoi gach mír nuachta.**
- **Imeachtaí: imeachtaí a chruthú, a chomhroinnt agus a chur chun cinn, agus cuireadh a thabhairt do bhaill an Ardáin páirt a ghlacadh iontu;**
- **Pobalbhreitheanna: pobalbhreitheanna a chruthú;**
- **Leabharlann:** Doiciméid a uaslódáil (lena n-áirítear bulc-uaslódáil) nó doiciméid a íoslódáil ó leabharlann líonra Agora nó ó aon líonra a bhfuil rochtain agat air;
- **Foláirimh: bí ar an eolas faoin nuacht agus faoi na himeachtaí a leanann tú ach a iarradh foláirimh a fháil nuair a dhéantar nuashonruithe (féach an limistéar fógra ag barr an leathanaigh agus cliceáil ar dheilbhín an chloigín le haghaidh foláireamh);**
- **Nuachtlitir: an nuachtlitir a fháil dhá uair sa tseachtain leis na nuashonruithe is déanaí go léir ó do Líonra**

- **Seimineáir ghréasáin: páirt a ghlacadh i Seimineáir ghréasáin bheo arna n-eagrú ag foireann an Ardáin.** Baineann ábhair phlé le tosaíochtaí sláinte an Aontais agus le tosaíochtaí Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh (lena n-áirítear oiliúint maidir le gnéithe nua nó nuashonruithe ar Ráitis Chomhphháirteacha). Tá cuirí ar fáil san fhotha nuachta agus sa leabharlann a bhaineann leis an líonra.




## 1.3 Modhanna Oibre: Cruinnithe Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh

### Minicíocht

Eagraíonn AS SANTE cruinnithe duine le duine chun pléití téamacha spriocdhírithe a óstáil i measc úsáideoirí an Ardáin, lena n-áirítear:

- Cruinnithe Líonraí Téamacha (Cruinniú tionscnaimh uair sa bhliain, más infheidhme).
- Cruinniú Bliantúil Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh

### Cruinnithe Líonraí Téamacha

Uair sa bhliain, cuireann na cruinnithe seo tús leis na Ráitis Chomhpháirteacha a chur le chéile. Is iad na rannpháirtithe na heagraíochtaí páirtithe leasmhara sláinte atá i gceannas ar na Líonraí Téamacha sealadacha. Tugann na ceannairí líonra a roghnaíodh do na Líonraí Téamacha cur i láthair maidir le cuspóir a Ráitis Chomhpháirteacha agus na torthaí a bhfuiltear ag súil leo. Le linn an chruinnithe sin, cuirfidh foireann an Ardáin oiliúint ar fáil maidir le príomhfheidhmiúlachtaí an Ardáin agus sainiúlachtaí na Líonraí Téamacha.

D’fhéadfadh na cruinnithe sin a bheith ar siúl i bpearsa nó ar líne.

### Cruinniú Bliantúil Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh

Uair sa bhliain, tugann Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh páirtithe leasmhara sláinte uile-Eorpacha, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla le chéile chun smaointe agus gníomhaíochtaí a phlé eatarthu féin agus le seirbhísí an

Choimisiúin. Tá an cruinniú ceaptha a bheith cuimsitheach, agus éagsúlacht gheografach agus ghairmiúil a rannpháirtithe a léiriú.

De ghnáth, tugann an cruinniú le chéile thart ar 100 go 150 ionadaí ó eagraíochtaí páirtithe leasmhara sláinte an Aontais. Cuirtear príomhthionscnaimh sláinte an Aontais i láthair chomh maith le Ráitis Chomhpháirteacha na bliana sin.

### *Conas páirt a ghlacadh sa chruinniú bliantúil*

Ní chuirtear ach líon teoranta áiteanna ar fáil sa seomra cruinnithe, agus dá bhrí sin, ní mór do bhaill an Ardáin agus do pháirtithe leasmhara sláinte eile ar mhaith leo páirt a ghlacadh sa chruinniú seo i bpearsa a spéis a léiriú trí fhoirm chlárúcháin a líonadh isteach a bheidh ar fáil trí líonra Agora. Roghnófar rannpháirtithe ar bhonn 'tús freastail ar an gceann is túisce', cé go gcuirfear san áireamh freisin a rannpháirtíocht san Ardán Beartais Sláinte, a dtaithí agus a dtiomantas don ábhar/do na hábhair a bheidh le plé. Iad siúd nach dtugtar cuireadh dóibh páirt a ghlacadh i bpearsa nó nach bhfuil in ann freastal i bpearsa, cuirfear fáilte rompu páirt a ghlacadh ar líne tríd an mbeoshruth a leanúint agus/nó páirt ghníomhach a ghlacadh trí Webex.

**Tar éis an nós imeachta roghnúcháin, gheobhaidh na rannpháirtithe deimhniú trí ríomhphost.**

### *Toradh agus Scaipeadh*

Déantar cruinnithe bliantúla a bheoshruthú agus/nó úsáidtear Webex dóibh ionas gur féidir iad a reáchtáil mar imeachtaí hibrideacha (idir i bpearsa agus ar líne). Tá an nasc gréasáin ar fáil i líonra Agora agus scaiptear é freisin trí roinnt bealaí cumarsáide eile laistigh den Choimisiún. Cuirtear cur i láthair na gcainteoirí ar fáil freisin tar éis an imeachta.

Tar éis gach Cruinniú Bliantúil, ullmhaítear agus comhroinntear tuarascáil i líonra Agora. Ullmhaítear an tuarascáil go neamhspleách agus ní gá go léiríonn sí tuairimí an Choimisiúin.

# 2. Téarmaí agus Coinníollacha

## 2.1 Téarmaí Bunúsacha

Is tusa atá freagrach as an úsáid a bhaineann tú as Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh, as aon ábhar a fhoilsíonn tú agus as na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar an ábhar sin a fhoilsiú. Trí d'ábhar a uaslódáil ar an Ardán, toilíonn tú lena fhoilsiú féideartha faoi dhiscréid mhodhnóir an Ardáin.

Ní bheidh ach baill an Líonra ina bhfuil tú ag postáil in ann na postálacha a fheiceáil. Tabhair do d'aire gur cheart go mbeadh baint ag foilseacháin den sórt sin le topaic fócais an líonra.

Tá sé de dhualgas ar an úsáideoir a ábhar a phostáil chuig an líonra agus chuig an lucht féachana a bhfuil an t-ábhar beartaithe dóibh. Níl an Coimisiún Eorpach freagrach as doiciméid a roinnt go neamhbheartaithe toisc nár phostáil an t-úsáideoir na doiciméid sa líonra iomchuí.

Is é an Béarla teanga chumarsáide an Ardáin. Reáchtáiltear líonra Agora go hiomlán i mBéarla. Mar sin féin, d'fhéadfadh doiciméid nó naisc chuig suíomhanna gréasáin a fhoilsíonn baill a bheith in aon teanga eile, ar choinníoll nach n-eisiann sé sin aon úsáideoir ar leith d'aon turas. I gcás líonraí náisiúnta, is féidir aon teanga oifigiúil de chuid an Aontais a úsáid (arna iarraidh sin).

### Ainm Úsáideora agus Pasfhocal

Chun clárú ar Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh, ní mór duit cuntas

EU Login a chruthú (ECAS roimhe seo). Chun an cuntas sin a chruthú, cliceáil **anseo**. Má bhíonn aon cheist agat maidir le cuntas ECAS a chruthú, léigh **cabhair le EU Login agus an Ráiteas Príobháideachais** le do thoil.

Tabhair do d'aire nach ndéanfaidh Córas Fíordheimhniúcháin an Choimisiúin Eorpaigh (ECAS) ach seoladh ríomhphoist pearsantaithe a bhaineann le d'eagraíocht a údarú chun eagraíocht a chlárú ar Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh e.g.:céadainm.sloinne@eagraíocht.xx nó c.sloinne@ainm na heagraíochta neamhrialtasaí.xx (nó aon teaglaim eile a d'fhéadfadh a bheith ann).

Gheobhaidh modhnóir Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh fógra agus glacfaidh sé le do chlárú ar an Ardán ar choinníoll go gcomhlíonann tú na critéir a luaitear i **1.2 Modhanna Oibre: An tArdán.**

Tá úsáideoirí freagrach as a gcuid pasfhocal a chosaint agus as aon ghníomhaíochtaí, gníomhartha nó postáil óna gcuntais. Molann an Coimisiún Eorpach pasfhocail chasta a úsáid e.g. cásanna, uimhreacha agus siombailí íochtaracha agus uachtaracha chun aon chalaois a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint.

Ní féidir an Coimisiún Eorpach a chur faoi dhliteanas i leith aon damáiste a tharlaíonn mar thoradh ar d'ainm úsáideora nó do phasfhocal a chailleadh.

## Do chearta agus do dhualgais mar úsáideoir

Is é an sprioc atá againn Ardán a chur ar fáil chun é a dhéanamh níos éasca do pháirtithe leasmhara sláinte poiblí cumarsáid a dhéanamh eatarthu féin

agus le hionadaithe ón Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteachta Bia de chuid an Choimisiúin Eorpaigh.

Tá gach úsáideoir freagrach as an ábhar a fhoilsítear laistigh d'Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh. Urramaíonn an Coimisiún Eorpach úinéireacht an ábhair a chomhroinneann baill an Ardáin. Tá sé de fhreagracht ar bhaill na n-ardán a fhíorú go bhfuil Cearta Maoine Intleachtúla an ábhair ina iomláine acu más mian leo é a fhoilsiú, nó go bhfuil cead acu ábhar a chomhroinnt nach bhfuil cearta aonair acu ina leith (e.g. ceadúnais chruthaitheacha coimíneacha, bunachair sonraí grianghrafadóireachta...).

Tá sé de dhualgas ar bhaill an Ardáin faisnéis chruinn a chur ar fáil ar an Ardán maidir le próifíl d'eagraíochta agus maidir leis an ábhar a phostálann tú agus a chomhroinneann tú. Ní féidir freagracht a chur ar an gCoimisiún Eorpach as iompraíocht mhímhacánta bhaill an Ardáin.

### An Iompraíocht a bhfuiltear ag súil léi ó bhaill an Ardáin

- Caith le gach ball eile den Ardán ar bhealach measúil agus cúirtéiseach i gcónaí, fiú i gcás easaontais.
- Níor cheart sonraí sláinte daoine aonair a nochtadh riamh sa phlé a dhéantar ar Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh.
- Níor cheart do bhaill an Ardáin ligean orthu go bhfuil siad ina Riarthóirí, ina gComhordaitheoirí, ina nEagarthóirí ná ina Modhnóirí trí 'Riarthóir', 'Comhordaitheoir', 'Eagarthóir' nó 'Modhnóir' a úsáid ina n-ainm úsáideora nó ina bpróifíl.

- Níor cheart do cheannairí an phlé sna líonraí téamacha mí-úsáid a bhaint as a ról comhordúcháin agus ba cheart dóibh plé cothrom a choinneáil ar bun i gcónaí, agus tuairimí agus smaointe ó gach duine ar mhaith leo cur le dréachtú an Ráitis Chomhpháirtigh shonraigh a chur san áireamh

- I gcás easaontais idir baill an Ardáin i dtaobh an bhfuil an t-ábhar a chomhroinntear in aon líonra de chuid an Ardáin iomchuí, déanfaidh an Coimisiún Eorpach an cinneadh deiridh.

- Ní dhéanfar táirgí atá le díol, lena n-áirítear foilseacháin a bhfuil táille ag teastáil ina leith, a uaslódáil ar an Ardán.

## Iompraíocht mhaslach agus turscar

Déanann an Coimisiún Eorpach a dhícheall baill an Ardáin a chosaint ar mhí-úsáid agus turscar. Ní ghlacfar le mí-úsáid úsáideoirí ná le mí-úsáid theicniúil (i.e. foilsiú atriallach an ábhair chéanna a bhféadfaí a mheas gur turscar é) san Ardán agus d'fhéadfadh sé go gcuirfí an cuntas ar fionraí dá bharr. Go háirithe, d'fhéadfadh fionraí a bheith mar thoradh ar an méid seo a leanas:

1. <u>Cuntais iolracha a chruthú in aghaidh an úsáideora:</u> Tá cead agat cuntais iolracha a chruthú in aghaidh na heagraíochta, ar choinníoll nach bhfuil ach cuntas amháin in aghaidh an fhostaí. Chun mearbhall a sheachaint, ní féidir le haon úsáideoir cuntas eile a chruthú dóibh féin.

    - Iompraíocht mhaslach i dtreo sprioc shonrach: níl cead agat dul i mbun mí-úsáide nó ciaptha spriocdhírithe. Féadfar tú a fháil ciontach i gciapadh sna cásanna seo a leanas: Má dhíríonn tú ar eagraíocht

ar leith chun a gclú nó a n-ábhar a ionsaí ar bhealach drochbhéasach.

- Má dhéanann tú ionsaí ar dhuine aonair nó eagraíocht ar leith gan aon bhriogadh trí mhaslú a dhéanamh orthu, tuairimí neamhurraimeacha a dhéanamh, bagairtí a eisiúint nó cineálacha eile ionsaithe a dhéanamh.

2. Bogearraí Mailíseacha/Fioscaireacht:[4]: Níl cead agat naisc chuig ábhar mailíseach a fhoilsiú arb é is aidhm dó dochar a dhéanamh do bhrabhsálaí nó ríomhaire úsáideoirí eile nó chun cur isteach orthu nó chun an ráiteas príobháideachais a chur i mbaol.

3. Truscar: Níl cead agat an tArdán a úsáid le haghaidh turscair. Féadfar an fheidhm chun tuairisciú a dhéanamh, atá le fáil i ngach foilseachán, a úsáid chun turscar a thuairisciú. Ba cheart do bhaill an ardáin ar mian leo turscar a thuairisciú an bosca téacs a úsáid chun míniú a thabhairt ar an bhfáth a measann siad gur turscar atá sa mhéid atá á thuairisciú. Tugann an liosta neamh-uileghabhálach seo samplaí de na nithe a thagann faoin sainmhíniú ar turscar:

    - Foilseacháin iomadúla a phostáil leis an téacs céanna a cóipeáladh iontu.
    - Ábhar neamheolaíoch
    - Ábhar nach mbaineann le Beartas Sláinte an Aontais Eorpaigh

[4] Camscéim trína ndéantar úsáideoir ríomhphoist faisnéis phearsanta nó rúnda a nochtadh ar féidir leis an scamadóir í a úsáid go haindleathach.

- Ábhar míthreorach nó bréagach a chruthú ar bhealach córasach.
- Naisc a phostáil arís agus arís eile i bhfoilseacháin éagsúla gan aon nuashonrú scríofa ná eolas faoi na naisc.
- Cuntais mhíthreoracha nó ábhar míthreorach a chruthú.
- Ábhar tríú páirtí a chur chun cinn le cuspóirí fógraíochta agus gan aon aidhm chun an plé ná an rannpháirtíocht a fheabhsú.
- Faisnéis ghinearálta a phostáil arís agus arís eile sna líonraí téamacha atá dírithe ar ábhar amháin chun cur isteach ar an gcomhrá.

4. Ábhar grafach: Níl cead agat deilbhíní nó íomhánna grafacha pornagrafacha nó foréigneacha a úsáid i do phostálacha, do phróifíl ná in aon chineál foilseacháin eile don Ardán seo ná in aon cheann dá líonraí.

## Ábhar Míchuí

Meastar go bhfuil an méid seo a leanas míchuí. Má dhéantar ábhar mar sin a phostáil, d'fhéadfaí do chuntas a chur ar fionraí agus na postálacha maslacha a scrios:

- Teachtaireachtaí nó íomhánna atá clúmhillteach, maslach, barbartha, fuafar, gáirsiúil, diamhaslach nó bagrach. Cuimsíonn sin aon teachtaireachta nó ábhar atá ionsaitheach, maslaitheach nó íslitheach ar bhonn eitneach, ciníoch, creidimh nó gnéis. Ní léiríonn an t-ábhar a phostáiltear tuairim oifigiúil an Choimisiúin Eorpaigh. Is ar údair an ábhair sa phost go hiomlán atá an fhreagracht as an bhfaisnéis agus as na tuairimí a nochtar ann.

- Postálacha nó íomhánna a sháraíonn aon dlí de chuid an Aontais nó aon dlí Ballstáit, lena n-áirítear cearta maoine intleachtúla.
- Táirgí nó seirbhísí a fhógairt le haghaidh úsáid tráchtála. Féadfaidh tú labhairt faoi d'eagraíocht agus faoi thionscnaimh d'eagraíochta chun tús a chur le plé nó chun eolas a chomhroinnt a d'fhéadfadh a bheith bailithe agat. Mar sin féin, má chláraíonn tú chun tú féin, do chuideachta nó daoine eile a chur chun cinn, d'fhéadfaí do chuntas a chur ar fionraí.
- Pléití maidir le gníomhaíochtaí mídhleathacha ar nós píoráideacht bogearraí agus meán agus aon sáruithe eile ar mhaoin intleachtúil.
- Pléití de chineál pearsanta nach mbaineann le saincheisteanna sláinte poiblí.
- Faisnéis phearsanta daoine eile (i.e. uimhreacha teileafóin, seoltaí, etc.) a phostáil ar an líonra gan toiliú.
- Aon ábhar ina bhfuil bogearraí mailíseacha, amhail víris, traíoch, earraí spiaireachta etc a d'fhéadfadh a bheith díobhálach d'úsáideoir ríomhaire.
- Naisc chuig aon cheann de na hábhair thuas.
- Pléití i dteanga seachas an Béarla, ach amháin sna líonraí náisiúnta sonracha a chruthaítear chun na críche sin nuair a cheadaítear foilseacháin i dteanga eile de chuid an Aontais i bhfoilseacháin eile.

## Fógra Dlíthiúil

Féach an **fógra dlíthiúil**.

## Cosaint Sonraí Pearsanta

Féach an **Ráiteas Príobháideachais**.

Údaraítear foilseacháin agus nithe eile a athúsáid, ar choinníoll go n-aithnítear an fhoinse agus nach ndéanann baill an Ardáin brí ná teachtaireacht bhunaidh an ábhair a shaobhadh. Leagtar síos beartas athúsáide doiciméad atá i seilbh an Choimisiúin Eorpaigh (nó thar a cheann ag Oifig na bhFoilseachán) le **Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011**.

Níl an Coimisiún Eorpach freagrach as ná faoi dhliteanas i leith aon iarmhairtí a eascraíonn as athúsáid.

Eagraíonn Foireann Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh seimineáir ghréasáin bheo go rialta agus cuirtear chun cinn iad tríd an Ardán. Má ghlacann tú páirt iontu, féach an ráiteas príobháideachaisle haghaidh seimineár gréasáin.

## maidir le Cearta maoine intleachtúla

Dearbhaíonn baill an ardáin a phostálann agus a uaslódálann ábhair ar Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh go bhfuil úinéireacht nó an ceart acu an t-ábhar a úsáid agus a chomhroinnt ar an ardán.

Tabhair faoi deara, má tá ábhair tríú páirtí san áireamh mar chuid den ábhar a phostálann tú, is tú atá freagrach as údarú a fháil agus/nó an ceart na hábhair seo a úsáid agus ní mór duit aitheantas a thabhairt d’fhoinsí e.g. grianghraif, cairteacha, táblaí etc.

Mar bhall den Ardán, cuimhnigh go bhféadfadh cearta eile tríú páirtí a bheith i gceist, go háirithe maidir le grianghraif a úsáid (e.g. féadfaidh ailtirí an cóipcheart a éileamh ar aon bhunsaothair ailtireachta a d’fhéadfaí a thaispeáint; baineann an rud céanna le físealaíontóirí i ndáil lena saothair ealaíne).

Is ag daoine atá inaitheanta go soiléir i ngrianghraif atá na cearta chun a n-íomhá féin agus ní mór dóibh a dtoiliú a thabhairt lena foilsiú. Déan cinnte, le do thoil, go bhfuil na húdaruithe riachtanacha go léir agat ó dhuine ar bith atá le feiceáil sna grianghraif.

Trí ábhair a phostáil agus a uaslódáil ar an suíomh gréasáin, tugann baill an Ardáin ceadúnas neamheisiach, saor ó ríchíosanna, buan, domhanda don Aontas Eorpach chun na hábhair ar Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh a úsáid, a atáirgeadh, a chur in iúl agus a chur ar fáil don phobal agus do ghníomhaíochtaí a bhaineann le hArdán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh.

Moltar do bhaill na n-ardán fógra cóipchirt a chur san áireamh don inneachar a uaslódáiltear. I gcás ina bhfuil ábhair tríú páirtí ionchorpraithe san ábhar, ba cheart sealbhóirí ábhartha an chóipchirt a shainaithint go soiléir.

Nuair atá comhúdar á roinnt ag ionadaithe ó eagraíochtaí éagsúla sa doiciméad céanna, tá an cóipcheart i seilbh gach duine acu i gcomhpháirt, dá bhrí sin, iarrtar ort gach eagraíocht lena mbaineann a liostáil. B’fhéidir gur mian leat freisin an duine a ainmniú agus a chur in iúl chun go mbeadh úsáideoirí in ann teagmháil a dhéanamh leo chun ceadanna a iarraidh.

I gcomhréir le Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le doiciméid de chuid an Choimisiúin a athúsáid, ceadaítear athúsáid a bhaint as doiciméid uile an Choimisiúin Eorpaigh ar choinníoll go dtugtar aitheantas don fhoinse, agus nach ndéanann ball an Ardáin brí ná teachtaireacht bhunaidh an ábhair a shaobhadh. Níl feidhm ag an gcóras seo maidir le hábhar tríú páirtí. Sna cásanna sin, tá cead sonrach ag teastáil chun ábhar a athúsáid

mura sonraítear a mhalairt. Moltar do bhaill an Ardáin na coinníollacha maidir le hathúsáid a n-ábhair a chur in iúl.

Níl an tAontas Eorpach freagrach as aon sárú ar chearta maoine intleachtúla a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar ábhar arna uaslódáil nó arna phostáil ag baill an Ardáin nach baill foirne de chuid an Aontais iad.

Má chreideann tú gur sáraíodh do chearta cóipchirt nó do chearta gaolmhara, iarraimid ort teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún Eorpach ach ríomhphost a sheoladh chuig SANTE-HPP@ec.europa.eu

## Moltaí maidir le hábhar inghlactha

- Coinnigh gach ábhar laistigh den réimse iomchuí spéise má phostáiltear é i líonra speisialaithe. Más ábhar ginearálta é, déan é a phostáil i Líonra Agora.
- Bain úsáid as teidil ghearra shoiléire ghonta agus doiciméid nó foilseacháin á bpostáil.
- Déan iarracht cumarsáid a dhéanamh chomh soiléir agus is féidir.
- Roinn an t-ábhar mar ábhar spéise do d'eagraíocht agus ní thar ceann an Aontais Eorpaigh. Ní léiríonn an t-ábhar a fhoilsíonn baill tríú páirtí an Ardáin (i.e. úsáideoirí nach úsáideoirí de chuid an Choimisiúin Eorpaigh iad) tuairim oifigiúil an Choimisiúin Eorpaigh. Is ar údair an ábhair sa phost go hiomlán atá an fhreagracht as an bhfaisnéis agus as na tuairimí a nochtar ann.

## Doiciméid a chuir ball an Ardáin le chéile

Is é is aidhm don Ardán seo cead a thabhairt do pháirtithe leasmhara a

dtuairimí a chur in iúl maidir le saincheisteanna sláinte poiblí éagsúla san Aontas Eorpach. Tagann páirtithe leasmhara le chéile sna Líonraí Téamacha agus cuireann siad le chéile Ráitis Chomhpháirteacha maidir le saincheisteanna sláinte poiblí. Féadfaidh an Coimisiún Eorpach faisnéis a chomhroinnt a d’fhéadfadh a bheith ábhartha do na ráitis sin sna líonraí sin ach ní chuirfidh sé leis na ráitis sin a chur le chéile. Mar sin féin, ní léiríonn an t-ábhar sna ráitis tuairim oifigiúil an Choimisiúin Eorpaigh. I gcás ina gcuireann eagraíochtaí le ráiteas, cuirfear an t-údar i leith na n-eagraíochtaí a chuir an ráiteas le chéile, agus ní i leith na ndaoine aonair a ghlac páirt thar ceann na n-eagraíochtaí.

## Iompraíocht mhíchuí a thuairisciú

- Is féidir le baill Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh gach foilseachán a thuairisciú don Choimisiún Eorpach de bheith míchuí. Má chreideann tú go sáraíonn foilseachán aon cheann de choinníollacha an ardáin nó go bhfuil an t-ábhar míchuí, moltar duit an Coimisiún a chur ar an eolas tríd an bhfoilseachán a thuairisciú.

- Más mian leat iompar míchuí, spamáil nó ábhar míchuí leanúnach baill an Ardáin a thuairisciú, cuir é sin in iúl do **SANTE-HPP@ec.europa.eu**, agus tabhair míniú ar na forais a bhí agat leis an tuairisciú sin a dhéanamh. Déanfaidh an Coimisiún Eorpach machnamh ar do chuid tuairimí agus déanfaidh sé beart nuair is iomchuí.

- Pearsanú: níl cead agat baill eile an Ardáin ná aon eagraíocht eile a phearsanú chun daoine eile a chur amú, mearbhall a chur ar dhaoine eile nó damáiste a dhéanamh dá gclú. Má cheapann tú go bhfuil ball an Ardáin

ag déanamh pearsanú ar bhall nó ar eintiteas eile, cuir é sin in iúl don Choimisiún Eorpach trí SANTE-HPP@ec.europa.eu

- Níl an Coimisiún Eorpach freagrach ná faoi dhliteanas as aon phearsanú, mí-úsáid ná iompar míchuí bhaill Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh. Forchoimeádann sé, áfach, an ceart chun gníomhú mar a mheastar is gá chun stop a chur leis na hiompraíochtaí sin.

## Monatóireacht ar an suíomh agus bearta araíonachta

Forchoimeádann an Coimisiún Eorpach an ceart chun monatóireacht a dhéanamh ar an Ardán, lena n-áirítear na líonraí, na pléití agus aon ábhar eile a chomhroinntear agus aon phostáil a bhaint nó aon bhall a chur ar fionraí nach gcomhlíonann na téarmaí agus na coinníollacha a luaitear síos tríd an doiciméad seo, san fhógra dlíthiúil a thugtar ar an Ardán agus sa ráiteas príobháideachais. Cuimsíonn an ceart sin postálacha a chuireann isteach ar ár n-oibríochtaí teicniúla.

Coimeádann an Coimisiún Eorpach an ceart cuntas bhaill an Ardáin a dhúnadh nó a chur ar fionraí, go sealadach nó go buan. Cuirfear an t-úsáideoir ar an eolas faoi na cúiseanna atá le cinneadh den sórt sin.

Má bhraitheann tú gur chaith na modhnóirí go héagórach leat, féadfaidh tú d’ábhair imní a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh trí **SANTE-HPP@ec.europa.eu** agus déanfaimid athbhreithniú cúramach ar d’iarratas. Nuair a dhéanann tú teagmháil linn, tabhair an seoladh ríomhphoist a úsáideadh chun ar an Ardán.

Ní dhéanfar aon phlé leis an bpobal i gcoitinne maidir le ball an Ardáin a chur ar fionraí ná maidir le haon bheart araíonachta.

## Séanadh agus teorainneacha dliteanais

Naisc ó Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh chuig suíomhanna gréasáin seachtracha:

- Féadfaidh Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh naisc a sholáthar chuig Institiúidí Eorpacha agus chuig suíomhanna gréasáin eile atá ábhartha d'obair an Choimisiúin. Ba chóir duit a bheith ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:
  - Má fhaigheann tú rochtain ar shuíomh gréasáin eile trí nasc atá curtha ar fáil ag Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh, tá tú faoi réir bheartas príobháideachais an tsuímh sin.
  - Níl an Coimisiún Eorpach freagrach as ábhar aon leathanaigh ar shuíomh gréasáin a chuirtear úsáideoir ar aghaidh chuige óna shuíomhanna gréasáin. Níor cheart glacadh le nasc chuig suíomhanna gréasáin eile mar fhormhuiniú de chineál ar bith ag an gCoimisiún Eorpach.

Naisc ó shuíomhanna gréasáin seachtracha chuig Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh:

- Aon naisc chuig Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh ar shuíomhanna gréasáin tríú páirtí seachtracha, tá siad faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:
  - Ní féidir naisc chuig an Ardán a dhéanamh ach amháin má tá Téarmaí agus Coinníollacha Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh agus an fógra dlíthiúil le feiceáil ar na leathanaigh ghréasáin (tabhair an nasc chuig an leathanach baile);

- Níor cheart do naisc baill Ardán an tsuímh ghréasáin eile a chur ar míthreoir maidir le foinse an inneachair. Ba cheart aitheantas iomlán a thabhairt don Choimisiún Eorpach mar fhoinse;
- Nuair a fhaightear rochtain ar shuíomh gréasáin Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh trí nasc seachtrach, ba cheart go mbeadh sé soiléir do bhaill an Ardáin go bhfuil siad ag breathnú ar fhaisnéis atá saor in aisce agus nach bhfuil eisiach;
- Níor cheart go gceapfadh duine ó na naisc go bhfuil an Coimisiún Eorpach ag formhuiniú ná ag tacú le cuspóirí nó ábhar an tsuímh ghréasáin óstaigh ná leis an eagraíocht a bhainistíonn é;
- Má chuirtear naisc chuig an Ardán ar fáil ar shuíomhanna gréasáin atá bunaithe ar chreataí, níor cheart an t-ábhar ó Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh a bheith ar an suíomh gréasáin sin ar bhealach a d'fhéadfadh baill an Ardáin a chur ar míthreoir maidir le tionscnamh an ábhair.

## Deireadh a chur le húsáid an Ardáin

Tá sé an ceart agat deireadh a chur le do rannpháirtíocht ar an Ardán agus do chuntas a scriosadh. Chun é sin a dhéanamh, déan iarratas trí ríomhphost chuig SANTE-HPP@ec.europa.eu.

## Conclúid

Cé go gcumhdaítear leis na rialacha sin na cásanna is coitianta, ní féidir leo gach cás a thuar. Dá bhrí sin, forchoimeádann an Coimisiún Eorpach an ceart chun aon bheart a dhéanamh a mheastar a bheith iomchuí chun a chinntiú

nach gcuirfear isteach ar fheidhmiú Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh nó nach mbainfear mí-úsáid as ar bhealach ar bith.

Forchoimeádann an Coimisiún Eorpach an ceart cuntas bhall an Ardáin a chur ar fionraí láithreach gan fógra a thabhairt roimh ré mura n-urramaíonn an t-úsáideoir arís agus arís eile **rialacha nós imeachta** Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh.

Tá na Rialacha Nós Imeachta seo faoi réir athbhreithnithe. Beidh an leagan is nuashonraithe le fáil i gcónaí ar leathanach baile an Ardáin anseo. Forchoimeádann an Coimisiún Eorpach an ceart an doiciméad seo a thabhairt cothrom le dáta gan fógra a thabhairt roimh ré.

## 2.2 Prionsabail Threoracha maidir le Trédhearcacht

### Coinbhleacht Leasa

Ba cheart d'eagraíochtaí atá cláraithe ar Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh a rialacha féin a bhaineann le comhpháirtíochtaí, urraíochtaí agus saineolas eolaíoch a fhormhuiniú go daonlathach. Ba cheart mionsonraí a thabhairt sna rialacha freisin maidir leis an gcaoi a láimhseáiltear coinbhleachtaí leasa. Ba cheart ráiteas ina leagtar amach na rialacha a chur ar fáil má iarrtar sin. Ba cheart dó cuspóirí agus misean na heagraíochta a chomhlíonadh agus beidh critéir trédhearcachta san áireamh ann.

### Cuspóirí/Misean

Ba cheart don eagraíocht a misin agus a cuspóirí a shainiú go soiléir agus iad a chur ar fáil go poiblí. Ba cheart don chomhlacht a dhéanann ionadaíocht ar bhallraíocht na heagraíochta (e.g. Comhthionól Ginearálta) na misin agus na cuspóirí sin a fhormhuiniú go daonlathach.

### Pearsantacht dhlítheanach

Ba cheart an eagraíocht a bheith cláraithe go dlíthiúil i gceann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, san Íoslainn nó san Iorua nó in aon tír eile atá rannpháirteach i gClár EU4Health a mhaoiniú. Déanfar iarrataí ar rochtain ar an Ardán a thagann ó eagraíochtaí atá cláraithe go dlíthiúil i dtríú tíortha a mheas ar bhonn ad hoc - baineann sé sin freisin le hiarrataí na Ríochta Aontaithe. Ní mór éagsúlacht reachtúil na n-eagraíochtaí a chur san áireamh leis an bhforáil seo, go háirithe eagraíochtaí bratlíonraí.

Ba cheart go leagfaí amach ar bhealach beacht sna doiciméid lena mbunaítear an phearsantacht dhlítheanach na cuspóirí, na critéir le haghaidh ballraíochta agus an struchtúr eagraíochtúil, agus ba cheart iad a chur ar fáil go poiblí.

### Comhaltas

Más infheidhme, ba cheart liosta iomlán na gcomhaltaí a bheith cruinn, ar fáil don phobal agus a bheith tugtha cothrom le dáta go rialta.

### Rialachas

Ba cheart bord nó comhlacht comhchosúil a bheith ag an eagraíocht a dhéanann ionadaíocht ar a comhaltas. Ba cheart don Chomhthionól Ginearálta ról an chomhlachta sin a shainiú go soiléir agus a fhormhuiniú. Ba cheart ainmneacha agus gníomhaíochtaí a chomhaltaí a chur ar fáil go poiblí. Ní mór a gcaidreamh le páirtithe leasmhara poiblí nó príobháideacha a lua go soiléir freisin.

I gcás ‘association de fait’, ní mór struchtúir agus próisis dhaonlathacha den chineál céanna a léiriú.

### Cuntasacht agus módúlachtaí comhairliúcháin

Ba cheart go léireodh ráitis agus tuairimí na heagraíochta tuairimí a comhaltaí. Ba cheart nósanna imeachta comhairliúcháin atá daonlathach, soiléir, rialta agus trédhearcach leis na comhaltaí a bheith i bhfeidhm agus a shainiú le rialacha inmheánacha arna bhformhuiniú go daonlathach ag an gComhthionól Ginearálta nó ag na comhaltaí féin.

Ba cheart go gcinnteofaí leis na nósanna imeachta comhairliúcháin sin go mbeidh idirphlé éifeachtach ann idir an comhaltaí, na comhlachtaí rialaithe

feidhmiúcháin agus an rúnaíocht, agus ba cheart go gcinnteofaí leo go dtacaíonn na comhaltaí leis na tuairimí a thugann an eagraíocht ar aghaidh.

### Faisnéis Airgeadais

Ba cheart faisnéis faoin airgeadas, faoi fhoinsí agus faoi chuntais a chur ar fáil go poiblí dóibh siúd ar mian leo dul i gcomhairle leis.

Cuntais - Ba cheart don eagraíocht a cuntas bliantúil a fhoilsiú sé mhí ar a laghad tar éis an athbhreithnithe ag an gComhthionól Ginearálta.

Foinsí maoiniúcháin - Ba cheart don eagraíocht a foinsí maoiniúcháin phríobháidigh agus phoiblí araon a nochtadh trí ainm na maoinitheoirí poiblí agus príobháideacha a sholáthar, chomh maith le cuspóir an mhaoiniúcháin. Ba cheart ranníocaíochtaí airgeadais, i dtéarmaí suimeanna a fuarthas agus céatadán de bhuiséad na heagraíochta, a chur san áireamh freisin. Mar sin féin, ní gá suimeanna an-bheaga (e.g. 0.01% d'ioncam iomlán na heagraíochta) a chur san áireamh.

### Gníomhaíochtaí

Ba cheart don eagraíocht tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir leis na gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu, chomh maith leis na cineálacha ginearálta gníomhaíochtaí. Mar riail ghinearálta, ba cheart faisnéis faoi ghníomhaíochtaí na heagraíochta a bheith ar fáil go poiblí, ba cheart í a bheith cruinn agus ba cheart í a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn rialta. Ba cheart go sonrófaí san fhaisnéis sin príomhspriocanna institiúideacha na ngníomhaíochtaí agus aon chaidreamh a chothaítear le comhpháirtithe poiblí agus príobháideacha.

# 2.3 Meastóireacht agus Tacaíocht Eagraíochtúil

## Tacaíocht Eagraíochtúil

Is é AS SANTE a chuireann rúnaíocht ar fáil d'Ardán Bheartas Sláinte an Aontais Eorpaigh. Déanann sí chomhordú ar ionchur agus rannpháirtíocht an Choimisiúin san Ardán, éascaíonn sí an chumarsáid laistigh den Choimisiún agus scaipeann sí faisnéis go hinmheánach. Tugtar tacaíocht do na gníomhaíochtaí sin trí leithdháileadh sonrach cistí faoi Chlár EU4Health.

Údaraítear athúsáid, ar choinníoll go n-aithnítear an fhoinse agus nach ndéanann baill an Ardáin brí ná teachtaireacht bhunaidh an ábhair a shaobhadh. Leagtar síos beartas athúsáide an Choimisiúin Eorpaigh le **Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011**. Níl an Coimisiún Eorpach freagrach ná faoi dhliteanas i leith aon iarmhairtí a eascraíonn as athúsáid.

## Sonraí teagmhála

European Commission

## Ceisteanna?

Seol ceisteanna le ríomhphost chuig SANTE-HPP@ec.europa.eu

**© An Coimisiún Eorpach, 2023**